Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2011

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

## Cúrsa Iomlán

## Páipéar 1
## Ardsraith

G5803

**[G5803]**

**DÉ LUAIN 13 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin ar an scrúdpháipéar seo.
Comhlánaigh le peann gorm nó le peann dubh amháin.
**Ná scríobh le peann luaidhe ná le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 140 an marc iomlán don pháipéar seo, le 7 marc ar a mhéad ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| CCS | |
| **Marc Iomlán** | |

6864.06**R**

**Uimhir Scrúdaitheora**

Do cheist 1 cuir isteach an litir chuí sa spás chuige sin.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Is é is **víreas** ann:

**A** Bogearraí a dearadh le ríomhaire a chosaint

**B** Bogearraí a dearadh le dochar a dhéanamh don ríomhaire

**C** Crua-earraí a dearadh le dochar a dhéanamh don ríomhaire

**D** Crua-earraí a dearadh le ríomhaire a chosaint

Freagra _____________ [1]

**(b)** Is é an dlí atá ann le ríomhairí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe.

**A** An tAcht um Bainistiú Ríomhairí

**B** An tAcht um Mí-Úsáid Ríomhairí

**C** An tAcht um Mí-Úsáid Sonraí

**D** An tAcht um Bainistiú Sonraí

Freagra _____________ [1]

**(c)** Is é an dlí atá ann le sonraí pearsanta agus faisnéis phearsanta a chosaint.

**A** An tAcht um Chosaint Sonraí

**B** An tAcht um Shlándáil Sonraí

**C** An tAcht um Chosaint Faisnéise

**D** An tAcht um Shlándáil Faisnéise

Freagra _____________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Cén ráiteas anseo thíos **NACH** bhfuil **FÍOR** maidir le **splanc-chuimhne?**

**A** Tá sí in úsáid i méaróga cuimhne

**B** Ní féidir í a léirscriosadh

**C** Tá sí in úsáid i bhfóin phóca

**D** Níl aon pháirteanna gluaisteacha inti

Freagra ______________ [1]

**(e)** Is é is feidhm le **gearrthaisce** ar ríomhaire:

**A** Sonraí a stóráil nuair a mhúchtar an ríomhaire

**B** Sonraí a stóráil faoi choinne an chórais oibriúcháin

**C** Sonraí a stóráil le linn chóipeáil na sonraí céanna

**D** Sonraí a stóráil le linn phriontáil na sonraí céanna

Freagra ______________ [1]

**(f)** Leathanaigh ghréasáin:

**A** Scríobhtar iad in HTML agus is féidir hipearnaisc a bheith ann

**B** Scríobhtar iad in HTTP agus is féidir hipearnaisc a bheith ann

**C** Ní féidir amharc orthu ach amháin ar-líne le linn ceangal a bheith ann leis an Idirlíon

**D** Ní féidir iad a sheoladh ina gceangaltáin

Freagra ______________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(g)** Is é is ríomhthráchtáil ann:

**A** Feidhm a bhaint as TFC le díolacháin agus orduithe a bhainistiú

**B** Cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí trí mheán an Idirlín

**C** Earraí agus seirbhísí a cheannach agus a dhíol trí mheán an Idirlín

**D** Feidhm a bhaint as líonraí le siopaí a cheangal ar dhóigh leictreonach

Freagra ______________ [1]

**(h)** Is é is timfhilleadh téacs ann:

**A** Téacs á chur taobh thiar d'íomhánna ar dhoiciméad priontáilte

**B** Téacs á scrollú ag barr leathanach Gréasáin agus an leathanach lódáilte

**C** Téacs beochana á theacht isteach ar shleamhnán i gcur i láthair

**D** Téacs á chur ag sreabhadh go huathoibríoch thart ar ghrafach

Freagra ______________ [1]

**(i)** Is é an toradh a bheidh ar chuardach a bheachtú agus inneall cuardaigh in úsáid agat:

**A** Níos mó leathanach Gréasáin a fháil sna torthaí

**B** Níos lú leathanach Gréasáin a fháil sna torthaí

**C** Leathanaigh Ghréasáin á lódáil go huathoibríoch ar do scáileán

**D** Slándáil sa bhreis agat agus tú ag obair ar an Idirlíon

Freagra ______________ [1]

**(j)** Cad é an cineál ruda is **TFT** ann?

**A** Méarchlár

**B** Printéir

**C** Scáileán (monatóir)

**D** Stóras

Freagra ______________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 1 | |
| | |



**[Tiontaigh an leathanach**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Tá 15 dhalta á dtabhairt ar thuras go Londain ag Áine. Tá scarbhileog curtha le chéile ag Áine i dtaca leis na costais.

| | A | B | C | D | E | F | G |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1** | **Costais an Turais go Londain** | | | | | | |
| **2** | **MÍR** | **Líon** | **Costas** | **Costas Iomlán** | **% Lascaine** | **Lascaine £** | **Iomlán le hÍoc** |
| **3** | Ticéad Bus Airporter | 15 | £ 20.00 | £ 300.00 | 10% | £ 30.00 | £ 270.00 |
| **4** | Ticéad Eitleáin | 15 | £ 45.00 | £ 675.00 | 5% | £ 33.75 | £ 641.25 |
| **5** | Ticéad Stansted Express | 15 | £ 20.00 | £ 300.00 | 10% | £ 30.00 | £ 270.00 |
| **6** | Ticéad faoi choinne Wizard of Oz | 10 | £ 46.00 | £ 460.00 | 15% | £ 69.00 | £ 391.00 |
| **7** | Ticéad don National Museum | 5 | £ 5.00 | £ 25.00 | 5% | £ 1.25 | £ 23.75 |
| **8** | Ticéad don Globe Theatre | 12 | £ 18.00 | £ 216.00 | 10% | £ 21.60 | £ 194.40 |
| **9** | Costas Óstáin | 15 | £150.00 | £2,250.00 | 10% | £225.00 | £2,025.00 |
| **10** | | | £304.00 | £4,226.00 | | £410.60 | £3,815.40 |

**(a)** Tá cló trom ar na cealla i *sraith 1*. Cén formáidiú eile atá déanta ar na cealla i *sraith 1*?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Tá cuid den scarbhileog anseo thíos. Scríobh isteach sna spásanna chuige sin na **3 fhoirmle** a mbeifeá ag dúil leo.


| | A | B | C | D | E | F | G |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Costais an turais go Londain** | | | | | | |
| 2 | MÍR | Líon | Costas | **Costas Iomlán** | % Lascaine | **Lascaine £** | **Iomlán le hÍoc** |
| 3 | Ticéad Bus Airporter | 15 | £20.00 | [1] | 10% | [1] | [1] |

**(c)** Tá socrú déanta ag Áine bailíochtú a chur leis an cholún % Lascaine. Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an riail bhailíochtúcháin a thabharfaidh cead isteach do luachanna sa raon 0 go 100.

| Riail Bhailíochtúcháin | Ticeáil |
|---|---|
| >0 agus <100 | |
| >=0 agus <=100 | |
| <0 agus >100 | |

[1]

**(d)** Chruthaigh Áine ón scarbhileog an chairt thíos ina léirítear coimriú ar chostais an turais go Londain.




**(i)** Ciorclaigh **eochair an eolais** ar an chairt. [1]

**(ii)** Cad é an fheidhm atá le **heochair eolais** ar aon chairt?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh na **tagairtí cille** den dá raon cille a d'úsáid Áine leis an chairt a chruthú.

Raon cille 1 ________________________________________

Raon cille 2 ______________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



**[Tiontaigh an leathanach**

**(iv)** Cén dóigh a bhfuil feabhas ar an chairt de thairbhe na **lipéad sonraí**?


_______________________________________________ [1]

**(v)** Luaigh píosa **AMHÁIN** faisnéise a thiocfadh le hÁine a fháil ón chairt thuas.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 2 | |
| | |

**3** Dalta i mBliain 8 é Seán. Tá sé ag foghlaim faoi chúrsaí ríomhphoist ar scoil. Tá cuid de ríomhphost le feiceáil thíos.




**(a)** Mínigh do Sheán an difear idir **Cc** agus **Bcc**.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Ba mhaith le Seán feidhm a bhaint as ceangaltáin. Agus tagairt á déanamh agat do na cnaipí **Brabhsáil** agus **Ceangail** san fhuinneog thíos, cuir síos ar an dóigh ar féidir le Seán é seo a dhéanamh.




**Brabhsáil** ______________________________________________

__________________________________________________________

**Ceangail** _______________________________________________

________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Ba mhaith le Seán fillteán a bhfuil deich gcomhad ann a chur chuig a mhúinteoir.
Cuir síos ar **DHÁ** dhóigh **dhifriúla** ar féidir le Seán na deich gcomhad a sheoladh ar aghaidh.

1. ______________________________________________

______________________________________________ [1]

2. ______________________________________________

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 3 | |
| | |



**[Tiontaigh an leathanach**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Tá Éamon le bogearraí a úsáid le heagarthóireacht a dhéanamh ar ghrianghraf a bheidh le huaslódáil aige go suíomh gréasáin.

**(a)** Is **mapa giotán** an grianghraf. Luaigh **DHÁ** ghné de chomhad mapa giotán.

Gné 1: ______________________________________________

______________________________________________

Gné 2: ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Tá roghchlár thíos ón phacáiste bogearraí a mbainfidh Éamon úsáid as.



Sa tábla thíos, ticeáil (✓) an **DÁ** ráiteas atá **FÍOR** maidir leis na roghanna **Athraigh Méid** agus **Comhbhrúigh Pictiúir**.

| **Ráiteas** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Is féidir leis an úsáideoir airde agus leithead an phictiúir a athrú le **Athraigh Méid**. | |
| Cuirfidh **Comhbhrúigh Pictiúir** leis an spás stórála a bheith de dhíth do na pictiúir. | |
| Laghdóidh **Comhbhrúigh Pictiúir** ar an spás stórála a bheith de dhíth do na pictiúir. | |
| Is féidir leis an úsáideoir cuid den phictiúr a scriosadh le **Athraigh Méid**. | |

[2]

**(c)** Is féidir pictiúir a shábháil i bhformáid **jpeg** leis an phacáiste bogearraí. Luaigh fáth **AMHÁIN** ar chóir d'Éamon an pictiúr a shábháil san fhormáid seo má tá sé leis an phictiúr a úsáid ar shuíomh Gréasáin.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 4 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Tá comhlacht cuntasóireachta i ndiaidh bogearraí a cheannach le cur ar na ríomhairí nua ar líonra acu.

**(a)** Sa tábla thíos, cén píosa **Bogearraí** is fóirsteanaí leis an **Tasc** atá luaite a chur i gcrích? Ticeáil (✓) ceann **AMHÁIN** acu.

| **Tasc** | **Bogearraí** |
|---|---|
| Áirimh airgeadais a dhéanamh ar shonraí i dtaobh custaiméirí. | Ticeáil (✓) ceann **AMHÁIN**.<br>☐ Bunachar sonraí<br>☐ Scarbhileog<br>☐ Foilsitheoireacht deisce<br>☐ Ríomhphost |
| Taifid ar chustaiméirí a stóráil gan sonraí athfhillteacha a bheith ann. | Ticeáil (✓) ceann **AMHÁIN**.<br>☐ Bunachar sonraí<br>☐ Scarbhileog<br>☐ Foilsitheoireacht deisce<br>☐ Ríomhphost |
| Fógrán a chruthú le fógraíocht a dhéanamh faoin chomhlacht. | Ticeáil (✓) ceann **AMHÁIN**.<br>☐ Bunachar sonraí<br>☐ Scarbhileog<br>☐ Foilsitheoireacht deisce<br>☐ Ríomhphost |

[3]

**(b)** Caithfidh cuntasóir amháin caint a thabhairt ag comhdháil. Tá socraithe aige cur i láthair ilmheán a chruthú.

**(i)** Mínigh an téarma **ilmheáin**.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **DHÁ** ghné de phacáiste ilmheán a thiocfadh leis an chuntasóir a úsáid le go rithfeadh an cur i láthair leis go huathoibríoch.

1. ______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________ [2]

Bhain an cuntasóir feidhm as **draoi** le cuidiú leis an cur i láthair a ullmhú.

**(iii)** Cad é is **draoi** ann?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 5 | |
| | |



**[Tiontaigh an leathanach**

Scrúdaitheoir Amháin | Marcanna | Athmharc

**6** Tá Caitríona i ndiaidh ríomhaire úr a cheannach. Tá roinnt mionsonraí faoin ríomhaire tugtha thíos.

| | |
|---|---|
| Próiseálaí | Intel® Pentium® Processor E5300<br>– 2.6 GHz<br>– 800 MHz |
| Córas Oibriúcháin | Genuine Windows® 7 Home Premium 64-bit |
| RAM | 2 GB |
| Taifeach scáileáin | 1366 × 768 |
| Méid an scáileáin | 18.5" |
| Tiomántán crua | 320 GB 7200 isn (rpm) |
| Tiomántán diosca optúil | Scríbhneoir DVDanna |
| Léitheoir cártaí cuimhne | Is ea |
| USB | 6 phort USB 2.0 (2 chun tosaigh) |
| Móideim/Ethernet | Port RJ-45 Ethernet |
| Wi-Fi | Is ea |
| Bluetooth | Ní hea |

**(a)** Is **GUI** é Operating System Genuine Windows® 7 Home Premium.

**(i)** Forbair an t-acrainm **GUI**.

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** ghné a bhaineann le **CGU (GUI)**.

Gné 1 ____________________

Míniú: ____________________

____________________

Gné 2 ____________________

Míniú: ____________________

____________________ [4]

**(b)** Is é 1366 × 768 an taifeach scáileáin atá ar an ríomhaire. Mínigh an téarma **taifeach** mar a bhaineann sé le scáileán ríomhaire.

____________________

____________________

____________________

____________________ [2]

**(c)** Tá 6 phort USB ar an ríomhaire. Cad é an fheidhm atá le port USB ar ríomhaire?

____________________

____________________ [1]

**(d)** Cad é an buntáiste as **léitheoir cártaí cuimhne** a bheith ar an ríomhaire?

____________________ [1]

**(e)** Nuair a lastar an ríomhaire cuirtear tús le *bútáil*. Luaigh **3** rud a tharlaíonn le linn *bútála* ar ríomhaire.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 6 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Is codanna tábhachtacha de chóras ríomhaire ar bith gléasanna ionchurtha agus aschurtha.

**(a)** Ainmnigh na gléasanna **ionchurtha** atá léirithe thíos agus mínigh **AON** dóigh **AMHÁIN** inar féidir feidhm a bhaint astu le sonraí a ionchur i gcóras ríomhaire.

| Gléas | Ainm an Ghléis | Feidhm |
|---|---|---|
| **(i)**   © *http://www.teach-ict.com* | [1] | [1] |
| **(ii)**  ©*iStockphoto/Thinkstock* | [1] | [1] |
| **(iii)**  ©*Hemera/Thinkstock* | [1] | [1] |

**(b)** Scríobh isteach na focail is cuí ón liosta sna spásanna thíos leis an fhaisnéis maidir le printéirí a chomhlánú. (Ní bhainfear úsáid as gach focal.)

**TUINSEAMHACH** **NEAMHTHUINSEAMHACH** **ARD**

**ÍSEAL** **TONÓIR** **CARTÚIS DÚIGH**

**PONCMHAITRÍSE** **SCAIRD-**

Is cineál de phrintéir ______________________ é printéir léasair.

Cuireann sé ar fáil asphriontaí d'_____________________

chaighdeán agus baineann úsáid as _____________________ le

priontáil ar pháipéar. Is féidir le printéir _____________________

cóipeanna carbóin a chur ar fáil cionn is go mbuaileann an cnoga

printéara an páipéar.

[4]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 7 | |
| | |

**8** Tá múinteoir Béarla Jack le físchomhdháil a chur ar bun le file idirnáisiúnta agus leis an rang.

**(a)** Seachas ríomhaire, luaigh **DHÁ** phíosa crua-earraí a bheidh de dhíth ar an mhúinteoir le físchomhdháil a chur ar bun.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(b)** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste as físchomhdháil a úsáid sa chás seo.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(c)** Tá bainisteoir líonra na scoile ag iarraidh ar an mhúinteoir an fhíschomhdháil a chur ar bun i ndiaidh am scoile.

Tá an fhíschomhdháil ann le linn am scoile. Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige i dtaca le húsáideoirí eile ar líonra na scoile?

______________________________

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 8 | |
| | |

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna | Athmharc

**9** Tá Aisling i ndiaidh bunachar sonraí a chruthú dá múinteoir maidir le sonraí gach dalta a gheobhaidh duais ar Lá Bronnta na nDuaiseanna sa scoil.

**(a)** Bain úsáid as na focail is cuí ón liosta thíos leis an fhaisnéis i dtaca le bunachair shonraí a chomhlánú. (Ní bhainfear úsáid as gach focal.)

**réimsí** **foirm** **taifead** **comhad**

**tuairisc** **struchtúrtha** **nuashonraithe**

Is é is bunachar sonraí ann bailiúchán ________________ faisnéise.

________________ a thugtar ar gach iontráil i mbunachar faoi

dhuine nó faoi mhír.

Is féidir ________________ a úsáid le sonraí a ionchur i mbunachar

sonraí. [3]

Tá cuid den bhunachar a chruthaigh Aisling le feiceáil thíos.

| ID Duaise | Ainm Duaise | Sloinne | Ainm | Bliainghrúpa | Le bheith i láthair? |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Duais TFC | Irwin | Jane | 8 | ☑ |
| 2 | Duais Mhatamaitice | Baird | Jake | 8 | ☑ |
| 3 | Duais Bhéarla | Coleman | Brian | 8 | ☐ |
| 4 | Duais Eolaíochta | Groves | Simon | 8 | ☑ |
| 5 | Tinreamh den scoth | Smith | Leisa | 8 | ☑ |
| 6 | Duais Cheoil | Brown | Emily | 8 | ☑ |
| 7 | Duais Lúthchleasaíochta | Phillips | Alexander | 8 | ☑ |
| 8 | Torthaí is fearr | Thomas | Cathy | 8 | ☐ |
| 9 | Iarracht | Stanley | Peter | 8 | ☐ |
| 10 | Duais TFC | Hicks | Myles | 9 | ☐ |
| 11 | Duais Mhatamaitice | Dunlop | Molly | 9 | ☑ |
| 12 | Duais Bhéarla | Irwin | Charlie | 9 | ☑ |
| 13 | Duais Eolaíochta | Morris | Joseph | 9 | ☑ |
| 14 | Tinreamh den scoth | Mains | John | 9 | ☐ |
| 15 | Duais Cheoil | Knowles | Michael | 9 | ☑ |
| 16 | Duais Lúthchleasaíochta | Peters | Petra | 9 | ☐ |
| 17 | Torthaí is fearr | McDowell | Chris | 9 | ☑ |
| 18 | Iarracht | Cowan | Eimer | 9 | ☐ |

**(b)** Rinne Aisling eochair-réimse de ID Duaise.

**NÍ BHEADH *Ainm Duaise*** fóirsteanach mar eochair-réimse. Luaigh fáth **AMHÁIN** le cad chuige.

________________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Bhain Aisling úsáid as an struchtúr thíos lena bunachar sonraí a chur ar bun.

| **Réimse** | **Cineál Sonraí** |
|---|---|
| ID Duaise | Uimhir |
| Ainm Duaise | Téacs |
| Sloinne | Téacs |
| Ainm | Téacs |
| Bliainghrúpa | Uimhir |
| ***Le bheith i láthair?*** | |

**(c)** Luaigh cineál sonraí a bheadh fóirsteanach don réimse ***Le bheith i láthair?***

_______________________________________________ [1]

Ba mhaith le hAisling cuardach a dhéanamh sa bhunachar sonraí le teacht ar na daltaí uilig i mBliain 8 a bheidh i láthair ar Lá Bronnta na nDuaiseanna.

**(d)** Sa tábla thíos, cuir tic (✓) taobh leis na critéir a thabharfaidh na torthaí cearta.

| **Critéir** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Bliainghrúpa = 8 NÓ Le bheith i láthair = Is ea | |
| Bliainghrúpa <> 8 AGUS Le bheith i láthair = Is ea | |
| Bliainghrúpa = 8 AGUS Le bheith i láthair = Is ea | |
| Bliainghrúpa > = 8 NÓ Le bheith i láthair = Is ea | |

[1]

Tá an tuairisc thíos á cruthú ag Aisling dá múinteoir.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## *Lá Bronnta na nDuaiseanna 2011*

| *Bliainghrúpa* | *Sloinne* | *Ainm* | *ID Duaise* | *Ainm Duaise* | *Le bheith i láthair?* |
|---|---|---|---|---|---|
| 8 | | | | | |
| | Baird | Jake | 2 | Duais Mhatamaitice | ☑ |
| | Brown | Emily | 6 | Duais Cheoil | ☑ |
| | Coleman | Brian | 3 | Duais Bhéarla | ☐ |
| | Groves | Simon | 4 | Duais Eolaíochta | ☑ |
| | Irwin | Jane | 1 | Duais TFC | ☑ |
| | Phillips | Alexander | 7 | Duais Lúthchleasaíochta | ☑ |
| | Smith | Leisa | 5 | Tinreamh den scoth | ☑ |
| | Stanley | Peter | 9 | Iarracht | ☐ |
| | Thomas | Cathy | 8 | Torthaí is fearr | ☐ |
| 9 | | | | | |
| | Cowan | Eimer | 18 | Iarracht | ☐ |
| | Dunlop | Molly | 11 | Duais Mhatamaitice | ☑ |
| | Hicks | Myles | 10 | Duais TFC | ☐ |
| | Irwin | Charlie | 12 | Duais Bhéarla | ☑ |
| | Knowles | Michael | 15 | Duais Cheoil | ☑ |
| | Mains | John | 14 | Tinreamh den scoth | ☐ |
| | McDowell | Chris | 17 | Torthaí is fearr | ☑ |
| | Morris | Joseph | 13 | Duais Eolaíochta | ☑ |
| | Peters | Petra | 16 | Duais Lúthchleasaíochta | ☐ |

**(e)** Ticeáil (✓) **DHÁ** ráiteas sa tábla thíos atá **FÍOR** i dtaca le formáidiú na tuairisce.

| **Formáidiú** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Rinneadh an tuairisc a ghrúpáil de réir Le bheith i láthair | |
| Rinneadh an tuairisc a ghrúpáil de réir Bliainghrúpa | |
| Rinneadh an tuairisc a shórtáil de réir Ainm Duaise | |
| Rinneadh an tuairisc a shórtáil de réir Le bheith i láthair | |
| Rinneadh an tuairisc a shórtáil de réir Ainm | |
| Rinneadh an tuairisc a shórtáil de réir Sloinne | |

[2]

**(f)** Luaigh **DHÁ** dhóigh (seachas cló nó dath téacs a athrú) a dtiocfadh le hAisling cuma níos fearr a chur ar an tuairisc ar leathanach 24.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

Cuid de na sonraí atá de dhíth ar Aisling don tuairisc, tá siad i ndiaidh iad a ionchur i dtéacschomhad. Is féidir le hAisling an téacschomhad a iompórtáil isteach ina bunachar sonraí mar chomhad **csv**.

**(g)** Forbair an t-acrainm **csv**.

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 9 | |
| | |

**10** Tá cinneadh le déanamh ag ollmhargadh áitiúil cé acu ba chóir dóibh córas **RAADP (EFTPOS)** a chur isteach nó nár chóir

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Forbair an t-acrainm **RAADP (EFTPOS)**?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Ainmnigh **DHÁ** ghléas aschurtha a bhíonn in úsáid le córas RAADP (EFTPOS).

1. _______________________________________________ [1]

2. _______________________________________________ [1]

**(c)** **(i)** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste a bheadh ann **don chustaiméir** as córas RAADP (EFTPOS) a chur isteach.

1. _______________________________________________ [1]

2. _______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **DHÁ** mhíbhuntáiste a bheadh ann **don ollmhargadh** as córas RAADP (EFTPOS) a chur isteach.

1. _______________________________________________ [1]

2. _______________________________________________ [1]

Is féidir barrachóid ar tháirgí a scanadh le córas EFTPOS nuair a bhíonn táirgí á gceannach.

**(d)** Sa tábla thíos ticeáil (✓) **DHÁ** ráiteas atá **FÍOR** faoi bharrachóid ar tháirgí ollmhargaidh.

| **EFTPOS ag gnáth-ollmhargadh** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Baintear feidhm as barrachód ar tháirge le praghas an táirge a chuardach i mbunachar sonraí | |
| Tá mionsonraí sa bharrachód maidir le spriocdháta díola an táirge atá á cheannach agat | |
| Baintear feidhm as seicdhigití sna barrachóid le barrachóid a bhailíochtú | |
| Bíonn cur síos ar an táirge mar chuid de bharrachód le gur féidir an cur síos a chur ar an admháil mhiondealaithe a fhaigheann tú | |

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 10 | |
| | |

**11** Baineann bainc sa lá atá inniu ann feidhm as TFC ar bhonn fairsing.

Is féidir le custaiméirí a gcuid cuntas a bhainistiú ar-líne nó ar an ghuthán.

**(a)** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste **do bhainc** as ligean dá gcustaiméirí feidhm a bhaint as baincéireacht ar-líne agus baincéireacht ar an teileafón.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(b)** Luaigh fáth **AMHÁIN** nach mbeadh roinnt custaiméirí ag iarraidh úsáid a bhaint as baincéireacht ar-líne.

______________________________ [1]

Is féidir le custaiméirí airgead tirim a aistarraingt óna gcuntas trí UMB (ATM) (uathmheaisín bainc) a úsáid.

**(c)** Luaigh **DHÁ** mhodh slándála a bhíonn i bhfeidhm ag **UMB (ATM)**.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

Is féidir le bainc stiall mhaighnéadach nó micrishlis a úsáid le sonraí a stóráil ar chártaí bainc custaiméirí.

**(d)** Luaigh **DHÁ** dhifear atá ann idir **stiallchárta maighnéadach** agus cárta **micrishlise**.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 11 | |
| | |

**12** Tá Sarah i ndiaidh RP (PC) a cheannach ach ba mhaith léi fios a bheith aici faoi na cineálacha de mheáin stórála is féidir léi a úsáid.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Maidir le gach meán, luaigh sa tábla thíos cé acu meán stórála **Maighnéadach** nó **Optúil** atá ann. Tá an chéad sraith déanta.

| Meán | Maighnéadach nó Optúil? |
|---|---|
|  ©iStockphoto/Thinkstock | Maighnéadach |
|  ©iStockphoto/Thinkstock | |
|  ©iStockphoto/Thinkstock | |

[2]



**[Tiontaigh an leathanach**

**(b)** Liostaigh na gléasanna stórála thíos de réir luas aisghabhála sonraí. Tosaigh leis an ghléas is gasta.

**diosca crua** **príomhchuimhne** **CD-ROM**

Is gasta 1. ______________________________ [1]

↓ 2. ______________________________ [1]

Is moille 3. ______________________________ [1]

Tá diosca crua 160 GB, RAM 2 GB agus **cuimhne thaisce** 1 GB ar RP (PC) Sarah.

**(c) (i)** Mínigh do Sarah cad chuige a bhfuil tábhacht le **cóip chúltaca** a dhéanamh agus luaigh gléas **AMHÁIN** a thiocfadh léi a úsáid le cóip chúltaca a dhéanamh dá córas.

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Bíonn RAM agus cuimhne thaisce araon **luaineach**. Cad é is ciall leis an téarma **luaineach**?

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh dóigh **AMHÁIN** a mbíonn feidhm á baint as **RAM** agus tú ag obair ar RP (PC)?

______________________________ [1]

**(iv)** Mínigh an téarma **cuimhne thaisce**.

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 12 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**13** Caithfidh Daithí sonraí a thaifeadadh maidir le hathruithe san aimsir thar thréimhse 3 seachtaine. Cuireann sé turgnamh logála sonraí ar bun le taifid a dhéanamh ar theocht agus bháisteach.

**(a)** Seachas braiteoir teochta, ainmnigh **AON** bhraiteoir **AMHÁIN** eile a bheadh de dhíth air leis an turgnamh a dhéanamh.

______________________________________________ [1]

Tá **comhéadan** i gceist leis na braiteoirí a cheangal leis an ríomhaire i dturgnamh logála sonraí Dhaithí.

**(b)** Cad chuige a bhfuil gá le **comhéadan**?

______________________________________________ [1]

**(c)** Agus sonraí á logáil, luaigh buntáiste **AMHÁIN** a bheadh ag ríomhaire ar dhuine.

______________________________________________ [1]

Tá ríomhchóras rialúcháin a bhfuil aisfhotha ann, in úsáid i dteach gloine Dhaithí leis na leibhéil teochta agus bogthaise a chothabháil.

**(d)** Sa tábla thíos ticeáil (✓) an míniú ceart ar an dóigh a n-úsáidtear aisfhotha sa chás seo.

| **Aisfhothú i gcóras teach gloine** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| Déanann braiteoirí athruithe teochta agus bogthaise a thaifeadadh agus lasfaidh na braiteoirí an teas nó na haisréadóirí más gá | |
| Déanann braiteoirí athruithe teochta agus bogthaise a thaifeadadh agus lasfaidh an t-úsáideoir an teas nó na haisréadóirí más gá | |
| Déanann braiteoirí athruithe teochta agus bogthaise a thaifeadadh agus lasfaidh an comhéadan an teas nó na haisréadóirí más gá | |
| Déanann braiteoirí athruithe teochta agus bogthaise a thaifeadadh agus lasfaidh na próiseálaí an teas nó na haisréadóirí más gá | |

[1]

**(e)** Mínigh an dóigh a mbíonn córais rialúcháin in úsáid le trácht a bhainistiú ag acomhail a mbíonn mórán tráchta ann.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

**(f)** Luaigh **DHÁ** dhóigh a bhfuil córais logála sonraí difriúil le córais rialúcháin.

1. ______________________________________________________________ [1]

2. ______________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 13 | |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**14** Tá LAN (líonra achair logánta) ar a bhfuil nasc Inlín agus nasc Idirlín in úsáid ag nuachtán náisiúnta.

**(a)** Luaigh **DHÁ** bhuntásite do lucht an nuachtáin as **LAN** a úsáid.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

Is féidir le foireann an nuachtáin WWW (an Gréasán Domhanda) a úsáid le taighde a dhéanamh ar ailt atá le scríobh acu.

**(b)** Mínigh an difear atá ann idir an **tIdirlíon** agus **an Gréasán Domhanda**.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(c)** **(i)** Luaigh **DHÁ** dhifear atá ann idir **LAN** agus **WAN (Líonra Achair Fhairsing)**.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(ii)** *Seachas ríomhaire*, ainmnigh **AON** phíosa **AMHÁIN** crua-earraí atá de dhíth le nasc a dhéanamh leis an Idirlíon.

______________________________ [1]

**(iii)** Ainmnigh **AON** phíosa **AMHÁIN** bogearraí atá de dhíth le nasc a dhéanamh leis an Idirlíon.

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Cuir síos ar **AON** dóigh **AMHÁIN** a dtiocfadh le heagarthóir an nuachtáin feidhm a bhaint as an **Inlíon**.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

Tá an LAN in úsáid ag an nuachtán chomh maith le sonraí pearsanta ar fhostaithe a stóráil.

**(e)** Ainmnigh **AON** mhodh slándála **AMHÁIN** is féidir leo a úsáid lena chinntiú go gcoinneofar sonraí ar an LAN slán ar úsáideoirí inmheánacha.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

| Marc Iomlán Ceist 14 | |
|---|---|
| | |

**15** Agus na téarmaí sa liosta thíos in úsáid agat, roghnaigh **AON** téarma **AMHÁIN** is fearr a fhreagraíonn don sainmhíniú sa cholún ar clé (ní bhainfear úsáid as gach focal sa liosta).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cóip chúltaca** | **Clómhéid** | **Samhaltú** | **Teimpléad** |
| **Cúrsóir** | **Zúmáil** | **Scanóir** | **Picteilín** |
| **Easpórtáil** | **Dearbhthagairt cille** | **Digiteach** | **Stair** |
| **Postchumasc** | **URL** | | |

| Sainmhíniú | Téarma |
|---|---|
| Seoladh Gréasáin is féidir a scríobh isteach i mbarra seoltaí brabhsálaí agus a sheolfaidh an t-úsáideoir go dtí suíomh Gréasáin | |
| Doiciméad ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh air agus é a úsáid arís agus arís eile | |
| An eilimint is lú ar VDU ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh uirthi | |
| Áis a fhágann gur féidir leis an úsáideoir díriú isteach níos mine ar chuid dá bhfuil ar taispeáint ar scáileán | |
| Sonraí i bhformáid dhénártha. Sin formáid nach bhfuil ach dhá dhigit ann, 0 agus 1 | |
| Réad a rianaíonn suíomh an úsáideora ar an scáileán | |
| Tagairt cille i bhfoirmle i scarbhileog nach n-athraíonn nuair a dhéantar í a chóipeáil | |
| Cnaipe ar bhrabhsálaí Gréasáin a thaispeánann na suíomhanna Gréasáin a rabhthas istigh iontu | |
| Bunachar sonraí agus próiseálaí focal in úsáid le doiciméid phearsantaithe a chruthú | |
| Doiciméad a aistriú isteach i bhformáid is féidir a úsáid i bpacáiste eile | |

[10]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Marc Iomlán Ceist 15 | |
| | |
| Caighdeán na cumarsáide scríofa | |
| | |

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.